C/2026/4335

6.8.2026

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 8 Nollaig 2025

lena ndearbhaítear comhchruinniú a bheith comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE

(Cás M.11753 – MARS / KELLANOVA)

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025) 8385)

(is é an leagan Béarla amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4335)

An 8 Nollaig 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh i gcás cumaisc faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([1])*, agus go háirithe Airteagal 8(1) den Rialachán sin. Tá leagan neamhrúnda den Chinneadh iomlán le fáil i mBéarla ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta, ag an seoladh a leanas: https://competition-cases.ec.europa.eu/search.*

1. **NA PÁIRTITHE**

(1) Is soláthróir milseogra, táirgí bia, bia peataí agus seirbhísí cúraim ainmhithe faoi úinéireacht teaghlaigh é Mars, Incorporated ('Mars') a bhfuil a cheanncheathrú in McLean, na Stáit Aontaithe. Oibríonn Mars a ghnó i dtrí phríomhdheighleog: (i) Sneaiceanna; (ii) Bia & Cothú; agus (iii) Cúram Peataí.

(2) Déanann Kellanova (ar a dtugtaí Kellogg Company roimhe seo), a bhfuil a cheanncheathrú in Chicago, na Stáit Aontaithe, sneaiceanna agus bianna áise a mhonarú agus a mhargú go príomha. Oibríonn Kellanova a ghnó i gceithre aonad gnó: (i) Sneaiceanna; (ii) Gránach atá réidh le hithe; (iii) Bia reoite; agus (iv) Núdail agus bia eile. Sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('LEE'), ní ghineann Kellanova díolacháin ach amháin trína aonaid Sneaiceanna agus Gránach atá réidh le hithe.

2. **AN OIBRÍOCHT**

(3) An 16 Bealtaine 2025, fuair an Coimisiún fógra foirmiúil maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 den Rialachán um Chumaisc trína bhfuil sé beartaithe ag Mars, rialú aonair a fháil ar Kellanova ina iomláine trí bhíthin scaireanna a cheannach ('an tIdirbheart') de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc. Mars agus Kellanova, dá ngairtear na 'Páirtithe' anseo feasta. Gairtear 'an t-eintiteas cumaisc' anseo feasta den eintiteas a eascraíonn as an Idirbheart.

(4) Baineann gné Aontais leis an Idirbheart toisc go gcomhlíontar na tairseacha láimhdeachais a leagtar amach in Airteagal 1(2) den Rialachán um Chumaisc.

(5) Le cinneadh dar dáta an 25 Meitheamh 2025, chinn an Coimisiún gur ardaigh an tIdirbheart atá beartaithe amhrais thromchúiseacha maidir lena chomhoiriúnacht leis an margadh inmheánach agus thionscain sé imeachtaí Chéim II de bhun Airteagal 6(1)(c) den Rialachán um Chumaisc.

(6) Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit maidir le dréacht den chinneadh le linn an Choiste Chomhairligh um Chomhchruinnithe an 18 Samhain 2025, a thug tuairim fhabhrach. Thug an tOifigeach Éisteachta a thuairim fhabhrach ar na himeachtaí sa tuarascáil uaidh a cuireadh isteach an 27 Samhain 2025.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lgh. 1.

3. **ACHOIMRE**

(7) Léiríodh san imscrúdú margaidh i gCéim II nach gcuirfeadh an tIdirbheart bac mór ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór den mhargadh.

(8) Dá bhrí sin, dearbhaítear go bhfuil an tIdirbheart comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le Comhaontú LEE agus, dá bhrí sin, glacadh cinneadh maidir le himréiteach de bhun Airteagal 8(1) den Rialachán um Chumaisc agus Airteagal 57 de Chomhaontú LEE an 8 Nollaig 2025.

4. **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

4.1. **Na margaí ábhartha táirgí**

(9) Cuimsíonn gníomhaíochtaí na bPáirtithe raon leathan catagóirí táirgí, agus tá brandaí agus táirgí iomadúla thar dheighleoga éagsúla acu a ndearna an Coimisiún measúnú orthu roimhe seo, amhail milseogra seacláide, guma, agus bia peataí i gcás Mars chomh maith le gránaigh agus sneaiceanna saillte i gcás Kellanova.

(10) I dtéarmaí margaí agus deighleoga táirgí ábhartha, is féidir tairiscint na bPáirtithe a dheighilt (i) ar bhonn cainéal díolacháin, (ii) de réir cineál táirgí, agus (iii) idir táirgí lipéid phríobháidigh agus táirgí brandáilte.

(11) Tar éis a imscrúdaithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur féidir leis an sainiú beacht ar mhargadh táirgí fanacht oscailte ós rud é nach gcuirfeadh an tIdirbheart bac mór ar iomaíocht éifeachtach faoi aon sainiú margaidh is inchreidte. Chun críocha na hanailíse iomaíche, rinne an Coimisiún measúnú ar na margaí táirgí ábhartha seo a leanas:

(1) margadh don chainéal miondíola nua-aimseartha le haghaidh gach ceann de na táirgí a luaitear ina dhiaidh sin;

(2) margadh chun milseogra seacláide a tháirgeadh agus a sholáthar agus deighleoga ann le haghaidh (i) táirgí seacláide inchomhairimh, (ii) táibléid seacláide, (iii) prailíní seacláide, (iv) greamanna seacláide (dá ngairtear púitsí agus málaí seacláide freisin), (v) speisialtachtaí seacláide agus (vi) earraí séasúracha seacláide;

(3) margadh iomlán le haghaidh sneaiceanna saillte agus margadh sonrach le haghaidh criospaí cruachta;

(4) margadh le haghaidh gránach atá réidh le hithe agus deighleoga ann le haghaidh (i) táirgí gránaigh atá réidh le hithe seachas múslaí, (ii) múslaí, (iii) táirgí gránaigh atá réidh le hithe sa chatagóir 'sláinte', (iv) táirgí gránaigh atá réidh le hithe le haghaidh leanaí agus (v) táirgí gránaigh atá réidh le hithe le haghaidh daoine fásta/teaghlaigh;

(5) margadh iomlán le haghaidh guma;

(6) margaí le haghaidh anlainn theo agus anlainn fhuara;

(7) margaí le haghaidh rís atá réidh le téamh agus rís thirim;

(8) an margadh le haghaidh bia do chait agus bia do mhadraí, agus na fodheighleoga: bia tirim, bia fliuch, agus sneaiceanna;

(9) margadh le haghaidh sneaicbheárnanna agus na deighleoga: (i) barraí gránaigh, (ii) barraí torthaí agus cnónna, agus (iii) barraí próitéine agus fuinnimh;

(10) margaí le haghaidh táirgí lipéid phríobháidigh agus táirgí brandáilte ar an leibhéal mórdhíola do na táirgí ábhartha sa chás seo.

4.2. **Na margaí geografacha ábhartha**

(12) Deimhníodh in imscrúdú margaidh an Choimisiúin nach ann d'aon ní a chuirfeadh in aghaidh imeacht ó chleachtas cinnteoireachta an Choimisiúin lena sainítear na margaí ábhartha mar mhargaí náisiúnta ó thaobh raon feidhme de. Chun críocha na hanailíse iomaíche, rinne an Coimisiún measúnú ar na margaí táirgí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta.

4.3. **Measúnú iomaíoch**

4.3.1. *Réamhrá*

(13) D'eascair forluití cothrománacha agus caidrimh ilchuideachta idir gníomhaíochtaí na bPáirtithe as an Idirbheart. Níor eascair caidrimh ingearacha as an Idirbheart.

4.3.2. *Éifeachtaí neamhchomhordaithe cothrománacha*

(14) Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na bPáirtithe rinneadh difear cothrománach do mhargaí i leith (i) barraí gránaigh seachas táirgí lipéid phríobháidigh in Éirinn; agus (ii) barraí torthaí agus cnónna seachas táirgí lipéid phríobháidigh sa Spáinn.

(15) Deimhníodh le himscrúdú margaidh an Choimisiúin nach gcuireann an tIdirbheart bac mór ar iomaíocht éifeachtach in LEE, nó i gcuid mhór den mhargadh mar thoradh ar éifeachtaí cothrománacha neamh-chomhordaithe i ndáil leis na margaí agus na deighleoga atá i gceist a ndéantar difear dóibh go cothrománach. Is amhlaidh atá go príomha toisc go bhfuil na sciartha comhcheangailte den mhargadh atá ag na Páirtithe réasúnta measartha (faoi bhun 30 %), nach bhfuil na Páirtithe in iomaíocht go dlúth le chéile, go bhfuil líon leordhóthanach soláthróirí malartacha ar an Eintiteas Cumaiscthe fós ann tar éis an Idirbhirt, agus nár chuir aon chustaiméir ná iomaitheoir ábhair imní a bhfuil bunús leo in iúl ach gur mheas siad éifeachtaí an Idirbhirt a bheith neodrach.

4.3.3. *Éifeachtaí ilchuideachta*

(16) Dhírigh imscrúdú margaidh an Choimisiúin ar an bhféadfadh an tIdirbheart cumhacht mhargála an Eintitis Chumaiscthe a mhéadú go mór i leith miondíoltóirí, ar bhealach a bheadh ina bhac mór ar iomaíocht éifeachtach, agus an méid seo a leanas á gcur san áireamh: (i) cumhacht mhargaidh na bPáirtithe i gcatagóirí táirgí aonair, (ii) cumas an Eintitis Chumaiscthe caibidlíocht a nascadh idir catagóirí táirgí, agus (iii) a mhéid is féidir leis an Eintiteas Cumaiscthe cumhacht mhargaidh i gcatagóirí aonair a aistriú ina cumhacht mhargála ar fud a phunainne táirgí ina hiomláine ar bhonn caibidlíocht nasctha.

(17) Deimhníodh le himscrúdú margaidh an Choimisiúin nach gcuireann an tIdirbheart bac mór ar iomaíocht éifeachtach in LEE, nó i gcuid mhór den mhargadh mar thoradh ar éifeachtaí ilchuideachta.

(18) Ar an gcéad dul síos, tugadh le fios a thuilleadh in imscrúdú Chéim II de chuid an Choimisiúin go bhfuil cumhacht mhargaidh ag Mars agus ag Kellanova araon i gcatagóirí éagsúla táirgí aonair ar fud 10 dtír in LEE. Mar sin féin, chun críocha an chinnidh, níor ghá teacht ar chonclúid maidir le ceist na cumhachta margaidh ós rud é, gan beann ar ar suíodh go raibh cumhacht mhargaidh ag na Páirtithe i gcatagóirí táirgí aonair, gur shuigh an Coimisiún nach méadódh an tIdirbheart cumhacht mhargála an Eintitis Chumaiscthe go mór tar éis an Idirbhirt.

(19) Ar an dara dul síos, deimhníodh le himscrúdú Chéim II ón gCoimisiún go bhfuil sé de chumas ag Mars (agus go mbeidh sé de chumas ag an Eintiteas Cumaiscthe i gcónaí) an chaibidlíocht a nascadh ar fud catagóirí táirgí. Léiríodh san imscrúdú gur bhain Mars úsáid éifeachtach as a phunann san am a chuaigh thart chun téarmaí agus coinníollacha níos fearr a bhaint amach, fiú nuair a tionscnaíodh caibidlíocht ar bhonn táirge ar tháirge. Mar sin féin, léiríodh in imscrúdú Chéim II de chuid an Choimisiúin go nascann roinnt miondíoltóirí toradh a gcaibidlíochta le Mars ar fud catagóirí táirgí agus/nó go mbíonn siad in ann cur in aghaidh Mars uaireanta le linn na caibidlíochta.

(20) Ar an tríú dul síos, chun tuiscint a fháil ar a mhéid a d'fhéadfadh an tEintiteas Cumaiscthe cumhacht mhargaidh i gcatagóirí aonair a aistriú ina cumhacht mhargála ar fud a phunainne táirgí ina hiomláine bunaithe ar chaibidlíocht nasctha, scrúdaigh an Coimisiún roinnt paraiméadar chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar is dócha a bheadh ar mhiondíoltóirí i gcás nach mbeadh punann an Eintitis Chumaiscthe ar fáil. Go sonrach, mheas an Coimisiún (i) an dtéann tomhaltóirí i mbun siopadóireacht ilfhreastail, (ii) a mhéid atá tomhaltóirí Mars agus Kellanova ag forluí ar a chéile, (iii) saintréithe tháirgí Kellanova atá le cur le punann Mars, (iv) an leibhéal dílseachta a léiríonn tomhaltóirí i leith bhrandaí na bPáirtithe i.e., an dócha go n-aistreoidh tomhaltóirí chuig miondíoltóir eile mura bhfuil táirgí na bPáirtithe ar fáil ag a n-ollmhargadh príomha, agus (v) an dócha, dá n-aistreodh tomhaltóirí chuig miondíoltóir eile, go nglacfaidh siad a gciseán siopadóireachta iomlán leo (nó cuid mhór de).

(21) Cé go bhfuarthas fianaise in imscrúdú Chéim II de chuid an Choimisiúin gur ann do shiopadóireacht ilfhreastail (i.e. go ndéanann tomhaltóirí an chuid is mó dá siopadóireacht sheachtainiúil in ollmhargadh aonair), chomh maith le sciar mór tomhaltóirí a cheannaíonn táirge amháin ar a laghad go rialta ó Mars agus Kellanova araon, níor thug na gnéithe eile a ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu tacaíocht láidir gur dócha go gcuirfidh an tIdirbheart go mór le cumhacht mhargála an Eintitis Chumaiscthe *vis-à-vis* miondíoltóirí ar bhealach a mbeadh bac mór ar iomaíocht éifeachtach mar thoradh air.

(22) Ar an gcéad dul síos, i dtéarmaí shaintréithe tháirgí Kellanova atá le cur le punann Mars, léiríodh in imscrúdú Chéim II de chuid an Choimisiúin (i) nach gceannaítear Pringles ach go hannamh agus mar thobcheannach, (ii) go bhfuil siad ar fáil trí bhealaí díolacháin éagsúla, agus (iii) go bhfuil iomaíocht rompu ó tháirgí lipéid phríobháidigh chomh maith le táirgí atá gníomhach i margadh níos leithne na gcriospaí/sneaiceanna saillte. Maidir le Kellogg's (agus a fhobhrandaí éagsúla), tugann an Coimisiún dá aire (i) go bhfuil laghdú ag teacht ar dhíolacháin gránach ar an iomlán, (ii) gur chaill Kellogg's díolacháin le roghanna malartacha lipéid phríobháidigh, agus (iii) nach gceannaíonn tomhaltóirí gránaigh ach go hannamh. Thairis sin, tá seilfré fhada ag Pringles agus Kellogg's araon i.e. ní gá iad a cheannach ar bhonn seachtainiúil. Mar gheall ar na saintréithe sin, ní dócha go ndeonóidh Pringles Kellanova agus Kellogg's cumhacht mhargála don Eintiteas Cumaiscthe atá níos mó ná a gcumhacht mhargála féin.

(23) Ar an dara dul síos, cé go dtacaíonn cuid den fhianaise atá ar fáil le tomhaltóirí a bheith dílis do bhrandaí na bPáirtithe (nó do chuid díobh) a mhéid a d'aistreoidís chuig miondíoltóir eile mura mbeidís ar fáil ag a n-ollmhargadh príomha (seachas aistriú chuig táirge malartach), suíodh in imscrúdú Chéim II ón gCoimisiún nach léiríonn an fhianaise atá ar fáil, tríd is tríd, gur dócha go n-aistreodh cuid fhóinteach de thomhaltóirí chuig miondíoltóir eile mura mbeadh táirgí na bPáirtithe ar fáil ag a n-ollmhargadh príomha. Thairis sin, fuair an Coimisiún níos lú fianaise fós gur ann do sciar fóinteach tomhaltóirí nach n-athródh ach amháin dá mbeadh táirgí Mars agus Kellanova araon ar iarraidh, is é sin nach n-athródh siad dá mbeadh táirgí ó cheann amháin de na páirtithe fós ar fáil. Chomh maith leis sin, léirítear i ndoiciméid inmheánacha na bPáirtithe gur chaill na Páirtithe féin agus na miondíoltóirí araon díolacháin tráthanna nach raibh táirgí na bPáirtithe ar fáil ag miondíoltóir ar leith.

(24) Ar an tríú dul síos, níor aimsigh an Coimisiún tacaíocht le haghaidh 'éifeacht chiseáin' i.e., go n-aistreodh tomhaltóirí a gciseán siopadóireachta iomlán (nó cuid mhór de) chuig miondíoltóir eile dá mba rud é nach mbeadh táirgí an Eintitis Chumaiscthe ar fáil ag a n-ollmhargadh príomha. Dá bhrí sin, níor léirigh an fhianaise gur dócha go mbeidh caillteanais i bhfad níos airde ag miondíoltóirí i gcomparáid leis na Páirtithe, dá mba rud é nach mbeadh táirgí na bPáirtithe ar fáil ina siopaí.

5. **CONCLÚID**

(25) Ar na cúiseanna thuasluaite, is é conclúid an chinnidh nach gcuirfidh an tIdirbheart bac mór ar iomaíocht éifeachtach sa mhargadh inmheánach nó i gcuid mhór den mhargadh.

(26) Dá bharr sin, ba cheart a dhearbhú go bhfuil an comhchruinniú comhoiriúnach leis an margadh inmheánach agus le feidhmiú Chomhaontú LEE, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) agus le hAirteagal 8(1) den Rialachán um Chumaisc agus le hAirteagal 57 de Chomhaontú LEE.